NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11267 — SMRP / DR SCHNEIDER GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 323/07)

1. An 31 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Samvardhana Motherson Automotive Systems Group B.V. ('SMRP', an Ísiltír), de chuid Samvardhana Motherson International Limited ('Motherson Group', an India),

— Gnólacht mótarfheithiclí de chuid Dr. Schneider Group (an Ghearmáin).

Gheobhaidh SMRP rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar ghnólacht mótarfheithiclí de chuid Dr. Schneider Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is táirgeoir domhanda agus soláthraí comhpháirteanna mótarfheithiclí é Motherson Group,

— Soláthraíonn gnólacht mótarfheithiclí de chuid Dr Schneider Group comhpháirteanna agus córais inmheánacha a úsáidtear go príomha i bhfeithiclí paisinéirí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11267 — SMRP / DR SCHNEIDER GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË